An Chatalóin

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi cheist an neamhspleáchais sa Chatalóin. Sula bhféachann tú ar an mír, féach ar na focail seo thíos leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh iad?

- aitheasc
- ag éileamh
- tionóladh
- reifreann conspóideach
- deighilt
- go forleathan
- feisire
- teannas mór
- caolseans
- i bhfianaise na héiginnteachta

Ceist 2 Féach ar an tuairisc anois agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cé hiad na daoine ar fad atá ag máirseáil ar shráideanna Barcelona agus cén fáth a bhfuil siad ag léirsiú?

2. Cad iad na figiúirí a luadh sa mhír faoin reifreann agus cad a léiríonn siad?

3. Cad a dúirt Príomh-Aire na Spáinne in agallamh leis an nuachtán *Die Welt*?

4. Cén fáth a bhfuil amhras ar bhainc agus ar chomhlachtaí faoin scéal?

5. Tháinig cor nua sa scéal ó craoladh an mhír seo. Cad é?

Ceist 3 Bhí a lán samplaí den tuiseal ginideach uatha sa mhír. Bain amach na lúibíní agus cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal agus den alt sna bearnaí.

- súile (an domhan) _____
- Parlaimint (an Chatalóin) _____
- bratacha (an Spáinn) _____
- muintir (an réigiún) _____
- ceist (an neamhspleáchas) _____
- Príomh-Aire (an tír) _____
- ó thaobh (an dlí) _____
- am (Éire) _____
- i bhfianaise (an éiginnteacht) _____

Ceist 4 '…nuachtán Gearmánach…'

1. Cad is brí le 'Gearmánach'?
2. Cuir Gaeilge ar na focail seo a leanas:
   - *a Catalan (person)*
   - *a Catalan flag*
   - *a Spaniard / a Spanish person*
   - *a Spanish cake*
   - *a German sausage*
   - *an Italian car*
   - *an Italian (person)*
   - *an Irish person*
   - *an Irish song (i.e. relating to/coming from Ireland,* seachas *in the Irish language)*

Ceist 5 '…idir an dá linn…'

Cad is brí leis na téarmaí eile seo a chuireann tréimhsí ama in iúl?

- feasta
- le linn
- arú amárach
- anuraidh
- coicís

Cuir na focail thuas in abairtí lena mbrí a léiriú.

Ceist 6 Pléigh an cheist seo thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

Dá mbeifeá i do chónaí sa Chatalóin, an mbeifeá i gcoinne nó i bhfabhar neamhspleáchas na Catalóine? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
1. aitheasc – *address*
2. ag éileamh – *demanding*
3. tionóladh – *was convened*
4. reifreann conspóideach – *controversial referendum*
5. deighilt – *divide, split*
6. go forleathan – *widespread*
7. feisire – *member of parliament*
8. teannas mór – *a lot of tension*
9. caolseans – *slender chance*
10. i bhfianaise na héiginnteachta – *in view of the uncertainty*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3

súile (an domhan)	súile an domhain
Parlaimint (an Chatalóin)	Parlaimint na Catalóine
bratacha (an Spáinn)	bratacha na Spáinne
muintir (an réigiún)	muintir an réigiúin
ceist (an neamhspleáchas)	ceist an neamhspleáchais
Príomh-Aire (an tír)	Príomh-Aire na tíre
ó thaobh (an dlí)	ó thaobh an dlí
am (Éire)	am na hÉireann
i bhfianaise (an éiginnteacht)	i bhfianaise na héiginnteachta

Ceist 4
1. Sa sampla ‘nuachtán Gearmánach’ ciallaíonn sé *German*, is é sin an aidiacht. Ach ciallaíonn ‘Gearmánach’ duine ón Ghearmáin freisin.
2. Féach:
   a Catalan (*person)* – Catalónach
   a Catalan flag – bratach Chatalónach
   a Spaniard / a Spanish person – Spáinneach
   a Spanish cake – císte Spáinneach
   a German sausage – ispín Gearmánach
   an Italian car – gluaisteán/carr Iodálach
   an Italian (*person)* – Iodálach
   an Irish person – Éireannach
   an Irish song – amhrán Éireannach

Ceist 5
feasta – *henceforth / in the future*
le linn – *during*
arú amárach – *the day after tomorrow*
anuraidh – *last year*
coicís – *fortnight*

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin an cheist a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Thar lear, beidh súile an domhain ar Pharlaimint na Catalóine tráthnóna amárach, áit a bhfuil Uachtarán na Catalóine le haitheasc tábhachtach a thabhairt ina bhféadfadh sé neamhspleáchas a fhógairt. Mháirseáil na mílte in Barcelona inné ag éileamh go bhfanfadh an réigiún mar chuid den Spáinn.

Ba léir ó na bratacha[1] a bhí á n-iompar ag na mílte inné ar shráideanna[2] Barcelona – bratacha[1] na Spáinne agus na Catalóine – chomh scoilte is atá muintir an réigiúin féin ar cheist an neamhspleáchais. Breis is seachtain ó shin a tionóladh an reifreann conspóideach, inar léirigh 90% tacaíocht don neamhspleáchas, cé nár vótáil ach 43% de phobal na Catalóine. Ó shin i leith, tá cos á cur i dtaca ag Rialtas na Spáinne agus ag Príomh-Aire na tíre, Mariano Rajoy.

In agallamh leis an nuachtán Gearmánach *Die Welt* ar maidin, dúirt Mariano Rajoy nach ndéanfaí an Spáinn a dheighilt agus go ndéanfadh sé gach a bhféadfaí ó thaobh an dlí le haontas na Spáinne a chinntiú.

Tráthnóna amárach, thart ar a cúig a chlog am na hÉireann, atá ceannaire na Catalóine, Carles Puigdemont, le haitheasc a thabhairt os comhair Pharlaimint na Catalóine. Ceapadh go forleathan roimhe seo go bhfógródh sé neamhspleáchas ach deir Feisire óna Pháirtí gur caolseans[3] go dtarlódh sé sin anois.

Tá teannas mór le brath go polaitiúil agus tá Ardchúirt na Catalóine tar éis iarraidh ar Fhórsa Náisiúnta Phóilíní na Spáinne breis slándála a chinntiú ag an bhfoirgneamh amárach, má fhógraítear neamhspleáchas sa bParlaimint[4].

Idir an dá linn, tá bainc[5] agus comhlachtaí ag caint ar tharraingt amach as an gCatalóin i bhfianaise na héiginnteachta.

[1] *bratachaí* a deirtear
[2] *ar shráideannaí* a deirtear
[3] *caolsheans* a deirtear
[4] Córas Chonnacht
[5] *bancannaí* a deirtear